

Cad a chuir Martin Luther King leis an ngluaiseacht cearta sibhialta agus le gnéithe eile de shaol Mheiriceá?

Tá a fhios ag gach duine go raibh brionglóid ag Martin Luther King (MLK), ach an bhfuil a fhios ag gach duine faoin gcaoi ar chuir sé leis an ngluaiseacht cearta sibhialta agus le saol Mheiriceá? Lig a ghníomhartha díreacha neamh-fhoréigineacha d'athruithe éagsúla i Meiriceá, athruithe a bhain le dlíthe vótála, deighilt, bochtaineacht éagothrom agus mar sin de. Ón nóiméad a ceapadh MLK mar Thréadaí Montgomery, thosaigh sé ag athrú saol Mheiriceá go mór.

Thosaigh a cheannaireacht le Baghcat Bus Montgomery. Chuaigh Edger Daniel Nixon i dteagmháil leis an Urramach King agus leis an Urramach Ralph Abernathy tar éis dó dul i mbannaí ar Rosa Parks (í a fháil ón bpríosún) ar an 1 Nollaig, 1955. Chuaigh Nixon i dteagmháil leo toisc gur thuig sé go mbeadh tacaíocht phobal Meiriceánach Afracach Montgomery agus a cheannairí ag teastáil uaidh le conspóid dlí a bhuachan i gcoinne deighilte. Theastaigh uathu a chinntiú nach mbeadh aon fhoréigean ann agus mar sin, bhí cruinniú ag an triúr fear an lá dár gcionn i séipéal MLK. D'fhreastail níos mó ná 40 ceannaire cathartha agus reiligiúnach ar an gcruinniú. D'aontaigh siad go léir tacú le baghcat aon lae Jo Ann Robinson. Tharla an baghcat an 5 Nollaig agus d'éirigh go hiontach leis, bhí an rannpháirtíocht ag beagnach 100%. D'fhreastail MLK agus Abernathy ar éisteacht Parks an mhaidin chéanna, áit ar fógraíodh go raibh sí ciontach agus gearradh fíneáil uirthi. Rinne Nixon achomharc ar an mbreithiúnas, agus mar sin chuir sé tús leis an gcath dlíthiúil i gcoinne deighilte agus leis an gcaoi ar athraigh MLK saol Mheiriceá.

An tráthnóna sin tháinig na ceannairí le chéile agus shocraigh siad rud buan a dhéanamh den bhaghcat. Bhunaigh siad *Montgomery Improvement Association* (MIA). Toghadh King d'aon ghuth mar cheannaire ar an MIA. Toghadh é mar gheall ar a óige, a charasma, a intleacht, a scileanna cainte, an tóir a bhí air agus toisc go raibh sé nua sa phobal. Chiallaigh sé seo go raibh sé neamhthruaillithe agus go raibh sé lán dóchais. Socraíodh an méid a theastaigh ón MIA. D'iarr

siad ar thiománaithe a bheith cúirtéiseach le gach paisinéir; d'iarr siad ar na comhlachtaí bus daoine gorma a fhostú mar thiománaithe agus theastaigh uathu go gcuirfí deireadh le deighilt ar na busanna. An imní ba mhó a bhí ag MLK ag an bpointe seo ná an tsíocháin a choimeád, fad is a bheadh an baghcat ar siúl. Thug sé mothú rannpháirtíochta do na daoine nuair a bhunaigh sé coiste iompair, agus nuair a d'iarr sé ar dhaoine airgead a bhailiú agus modhanna iompair malartacha a eagrú. Rinne daoine iarracht míchlú a tharraingt ar MLK agus ar a chúis trí ráflaí a scaipeadh agus dúirt an dream seo gur chumannach a bhí ann. Rinneadh bagairt air agus ghabh na póilíní é arís agus arís eile. Rinneadh buamáil ar a theach oíche amháin nuair a bhí a bhean chéile agus a leanbh ann. In ainneoin na bhfadhbanna go léir, lean an baghcat ar aghaidh faoi cheannaireacht MLK agus ar 13 Samhain 1956, rialaigh an Chúirt Uachtarach go raibh dlíthe bus Alabama míbhunreachtúil. Tháinig rialú na cúirte i bhfeidhm 381 lá tar éis tús an bhaghchait, ar 20 Nollaig 1956. Spreag an baghcat go leor daoine agus thug sé ábhar dóchais dóibh. Thug sé ardán náisiúnta agus aird na meán do King freisin, agus léirigh sé gur oibrigh a mhodhanna agóidí síochánta, fiú i Meiriceá an ama sin.

Sna blianta ina dhiaidh sin, lean sé ag cur leis an tsochaí. Bhunaigh sé grúpaí gníomhaithe éagsúla. Ba shamplaí de na grúpaí seo iad *Southern Christian Leaders Conference* agus *Students Nonviolent Coordinating Committee (SNCC)*. Cheangail sé cumhachtaí na ngrúpaí seo agus rinne siad dul chun cinn maith. Bhí rath ar sheisiúin de chuid SNCC a thosaigh in Greensboro, North Carolina. Thacaigh MLK leis na seisiúin seo agus bhí tionchar mór aige orthu. Bhí daoine geala, go háirithe i dtuaisceart na tíre, an-tógtha lena theagasc neamhfhoréigin agus tháinig fás ar a chuid oibre ag fás i measc gach grúpa daoine.

I mí Aibreáin 1963, d'eagraigh MLK mórshiúl agóide in Birmingham, Alabama. Bhí Birmingham ar cheann na cathracha is deighilte ó thaobh an chiníochais de sna Stáit Aontaithe. Ar feadh trí lá, mháirseáil sluaite ar na sráideanna ag canadh '*we shall overcome*' (*beidh an lá linn*). De réir mar a gabhadh iad, tháinig daoine eile ina n-áit. Gabhadh MLK féin, agus scríobh sé a litreacha cáiliúla ó phríosún Birmingham. Ar an 8 Bealtaine, mháirseáil 6000 páiste trí na sráideanna. Rinne na póilíní, faoi stiúir Eugene 'Bull' O'Connor, ionsaí ar na páistí agus d'úsáid siad píobáin uisce, madraí agus smachtíní eallaigh leictreacha. Craoladh na radhairc uafásacha go náisiúnta, agus bhuaigh sé seo tacaíocht fhorleathan do MLK. Mar thoradh air sin, dhréachtaigh JFK an tAcht um Chearta Sibhialta.

I mí Lúnasa 1963 d'eagraigh MLK léirsiú in Washington DC chun dul i mbun agóide do "phoist agus saoirse" agus chun tacaíocht a léiriú d'Acht um Chearta Sibhialta. Bhí os cionn 200,000 duine ag an 'Mórshiúl ar Washington', áit ar thug MLK a óráid cháiliúil 'I have a dream' (tá fí

agam). Chuaigh fíis MLK i bhfeidhm ar roinnt daoine geala. Cé go raibh eagla ar Kennedy go mbeadh an mórshiúl seo foréigneach, ní raibh sé, agus chabhraigh sé le rith an Achta um Chearta Sibhialta bliain ina dhiaidh sin.

Is dócha gurb iad na blianta 1963-1965 buaicphointe MLK agus buaicphointe na gluaiseachta ina hiomláine. In 1963, bhí sé ainmnithe mar 'Fhear na Bliana' san iris Time. In 1964, bronnadh Duais Nobel na Síochána air. An bhliain chéanna, shínigh an t-uachtarán Johnson an tAcht um Chearta Sibhialta sa deireadh. Chuir sé seo cosc ar idirdhealú i bpoist agus i lóistín poiblí, agus laghdaigh sé an chumhacht a bhaineann le clárú vótála áitiúil. Chuir an 24ú Leasú deireadh leis an gcáin vótála. I mí Lúnasa 1965, shínigh Johnson an tAcht um Chearta Vótála tar éis imeachtaí i Selma inar ionsaíodh lucht agóide síochánta le deorghás agus le clubanna. Craoladh é seo go náisiúnta. Faoi 1968, bhí 60% de dhaonra Meiriceánach Afracach Mheiriceá cláraithe le vóta a chaitheamh. B'ionann seo agus an figiúr i measc na ndaoine geala.

Chuir MLK go mór leis an ngluaiseacht i gcoinne Chogadh Vítneam. Chiallaigh sé seo gur chaill sé cuid mhaith dá mheas i measc daoine geala, feisirí agus chaill sé meas an uachtaráin fiú. An fhadhb ba mhó a bhí ag MLK leis an gcogadh ná go ndearnadh níos mó daoine gorma a choinscríobh, i gcomparáid le líon na ndaoine geala. Ní raibh an tóir chéanna air a thuilleadh i measc daoine gorma óga, go háirithe sa Tuaisceart. Rinne grúpaí míleatacha, na Black Panthers mar shampla, magadh faoina idé-eolaíocht maidir le comhoibriú idirchiníoch.

Chuir King leis an ngluaiseacht um chomhionannas eacnamaíoch agus chuir sé leis an bplé ar bhochtaineacht i measc gach cine. Tar éis círéibeacha sna geiteonna in Watts in LA, bhog sé go Chicago agus dhírigh sé ar fhostaíocht, ar thithíocht agus ar fhadhbanna eacnamaíochta eile. Bhí scoilt mhór sa ghluaiseacht faoin am seo, agus bhí círéibeacha fada an tsamhraidh faoi lán seoil. In 1968 chuaigh sé go Tennessee chun tacú le hoibrithe sláintíochta ach rinneadh feallmharú air. Bhí círéibeacha in 125 chathair tar éis a bháis.

D'athraigh a chuid oibre i ngluaiseacht na gceart sibhialta agus i saol Stáit Aontaithe Mheiriceá an domhan go deo. D'athraigh a chuid oibre an stádas vótála, bochtaineacht, deighilt agus go leor eile go deo. Tá sé deacair sliocht athfhriotail amháin a roghnú chun cur síos a dhéanamh ar an bhfear seo. Léiríonn sliocht athfhriotail amháin dá chuid féin ceann de na ceisteanna is mó a bhíonn le cur ag duine air/uirthi féin: "Cad atá á dhéanamh agat do dhaoine eile?" Chaith sé a shaol ag obair le saol níos fearr a bhaint amach don tsochaí agus do na glúnta a bhí le teacht ina dhiaidh.